An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE for teachers

# Stair

# FGL


# 2017/18

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ionad Oideachais Mhuineachain

CC BY NC

**Imeacht 1: An t-eolas a mheas**

| E (An t-eolas atá Agam) | M (An t-eolas gur mian liom foghlaim) | F (Eolas atá foghlamtha agam) |
| --- | --- | --- |
|  |  |  |

## Imeacht 2:

| | | | |
|---|---|---|---|
| TM<br>Tasc<br>Measúnaithe | Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann scoláirí le linn am ranga, agus nach marcálann an múinteoir ranga, ach a chuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh a mharcála. Is é an CNCM a shonraíonn ábhar an Taisc Mheasúnaithe agus baineann sé leis na torthaí foghlama ar a mbunaítear an dara Measúnú Rangbhunaithe. | AFMÁ:<br>Cruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair | I gcruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, roinnfidh agus pléifidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint ar cháilíocht fhoghlaim scoláirí. Beidh gach cruinniú in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh sé ar Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliainghrúpa áirithe. |
| MRBnna:<br>Measúnuithe<br>Rangbhunaithe. | Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe gur ócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na saintascanna a leagtar amach i sonraíocht an ábhair. Déantar cur síos soiléir ar na tascanna faoi mar a dhéantar ar na critéir don mheasúnú chun tacú le breithiúnas múinteoirí. Tá na critéir le fáil sna Gnéithe Cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil cosúlacht idir an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an Mheasúnaithe Rangbhunaithe déantar breith an mhúinteora a thaifead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus do scoláirí | Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí | Tabharfaidh an PGSS aitheantas do ghnóthachtáil trasna na réimsí foghlama uile de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama, Réimsí eile foghlama. Beidh an PGSS bainteach le agus tuairisceoidh sé ar ghnóthachtáil sna heilimintí measúnaithe uile lena n-áirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnú Rangbhunaithe; agus gráid an CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe stát-teistithe agus Tascanna Measúnaithe.<br>Socrófar ar bhonn náisiúnta leagan amach an PGSS. Cuirfidh an scoil le chéile é agus gheobhaidh scoláirí é san fhómhar i ndiaidh na tríú bliana, nuair a bheidh torthaí uile measúnaithe ón CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe |
| Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí | Teastaíonn réimse leathan scileanna ó fhoghlaimeoirí chun cabhrú leo dul i ngleic leis na dúshláin iomadúla a chuirtear fúthu i saol an lae inniu. Forbraíonn siad scileanna ar leith sna hábhair agus sna cúrsaí eile a dhéanann siad. Ach tá gá le scileanna níos ginearálta chomh maith chun tacú le foghlaimeoirí ina saolta pearsanta, sóisialta agus oibre. | EMF | Tá roinnt cuspóirí leis an straitéis seo: tarraingíonn sí réamheolas ar an téacs, socraíonn sí cuspóir le haghaidh léitheoireachta agus cabhraíonn sí le scoláirí monatóireacht a dhéanamh ar a dtuiscint.<br>Trí fhios a bheith aige ar shuimeanna agus ar réamheolas scoláirí bíonn an cumas ag an múinteoir tionscadail agus tascanna a chruthú atá dúshlánach agus a mbainfidh scoláirí sult astu. Is uirlis í an chairt EMF is féidir a úsáid chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus chun foghlaim scoláirí a threorú |
| NCCA | Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | CFL2:<br>Cláir Foghlama Leibhéal 2 | Tá na Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna) agus an cháilíocht a bhaineann leo dírithe ar shainghrúpa ar leith scoláirí a bhfuil deacrachtaí ginearálta foghlama acu i gcatagóirí ard-fheidhmithe meánacha agus íseal-fheidhmithe éadroma. Grúpa fíorbheag scoláirí atá i gceist anseo (scoláire nó beirt sa scoil thipiciúil.) |
| | | | |
| | | | |

**Imeacht 3:** Is éard is stair ann ná– [Smaoinigh. Péireáil. Roinn]

Is éard is Stair ann ná ……………………..

Braitheann mo chuid scoláirí é seo sa seomra ranga nuair…….

**Smaointe athmhachnaimh ……..**

# Imeacht 4: Prionsabail d'oideachas na Sraithe Sóisearaí

**PRIONSABAIL D'OIDEACHAS NA SRAITHE SÓISEARAÍ**

**FOGHLAIM CONAS FOGHLAIM**

Tacaíonn curaclam, measúnú, teagasc agus foghlaim den scoth le scoláirí neamhspleáchas níos mó a bhaint amach san fhoghlaim agus sa dul i ngleic le dúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil, an bhreisoideachais agus an tsaoil oibre.

**ROGHA AGUS SOLÚBTHACHT**

Tá clár na scoile sa tsraith shóisearach leathan go leor le réimse d'eispéiris fhoghlama a thairiscint do chách, agus solúbtha go leor le rogha a thairiscint chun freastal ar riachtanais scoláirí.

**CÁILÍOCHT**

Cuirtear eispéireas oideachasúil d'ardchaighdeán ar fáil do gach scoláire, a bheidh léirithe ag ardionchais foghlaimeoirí agus ag tóraíocht na sármhaitheasa.

**CRUTHAITHEACHT AGUS NUÁIL**

Cuireann an curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim deiseanna ar fáil do scoláirí a bheith cruthaitheach agus nuálach.

**CAIDREAMH AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT**

Spreagann eispéireas an churaclaim, an mheasúnaithe, an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus díograis, agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil.

**LEANÚNACHAS AGUS FORBAIRT**

Cuireann an curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim ar chumas scoláirí tógáil ar a bhfoghlaim go dtí seo, aithníonn siad an dul chun cinn san fhoghlaim agus tacaíonn siad lena bhfoghlaim amach anseo.

**OIDEACHAS CUIMSITHEACH**

Cuimsíonn an t-eispéireas oideachasúil na scoláirí uile agus cuireann sé le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

**FOLLÁINE**

Cuidíonn eispéireas scoláirí go díreach lena bhfolláine agus lena dteacht aniar fisiciúil, meabhrach, mothúchánach agus sóisialta. Tarlaíonn an fhoghlaim i dtimpeallacht atá dírithe ar leas comhoibríoch na scoile, an phobail agus na sochaí.

# Imeacht 5: 24 Ráiteas Foghlama

Cé acu de na 24 Ráiteas Foghlama, is dóigh leat, ar féidir le scoláirí taithí a fháil orthu i Seomra Ranga Staire?

1. Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1[5].
2. Éisteann, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin.
3. Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a thuiscint agus a léirmhíniú go criticiúil.
4. Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist.
5. Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh.
6. Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.
7. Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.
8. Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá leis an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.
9. Tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi.
10. Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.
11. Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.
12. Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil.
13. Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe agus roghanna á ndéanamh aige/aici a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachtála.
14. Déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltacha.
15. Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama.
16. Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú.
17. Déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáide as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla.
18. Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí bailí astu.
19. Tá meas ag an scoláire ar ról agus thionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus ar an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo.
20. Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha.
21. Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla.
22. Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta.
23. Tugann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.
24. Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil.


# Imeacht 6: Príomhscileanna

| | | | |
|---|---|---|---|
| **A Bheith Cruthaitheach**<br><br>Samhlú<br><br>Roghanna agus Comhroghanna a fhiosrú<br><br>Smaointe a chur i bhfeidhm agus beart a dhéanamh<br><br>Foghlaim go cruthaitheach<br><br>Cruthaitheacht a spreagadh trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid | **Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú**<br>A bheith fiosrach<br><br>Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh agus a luacháil<br><br>Smaoineamh go cruthaitheach agus go grinn<br><br>Machnamh ar mo chuid foghlama agus í a luacháil<br><br>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun teacht ar ábhar, é a bhainistiú agus a roinnt | **Mé féin a Bhainistiú**<br><br>Eolas a chur orm féin<br><br>Cinntí meabhraithe a dhéanamh<br><br>Spriocanna pearsanta a leagan agus a ghnóthú<br><br>Bheith in ann machnamh ar m'fhoghlaim féin<br><br>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus m'fhoghlaim a bhainistiú | **Cumarsáid**<br><br>Éisteacht agus mo thuairimí a nochtadh<br><br>Taibhiú agus cur i láthair<br><br>Plé agus díospóireacht<br><br>Teanga a úsáid<br><br>Uimhreacha a úsáid<br><br>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh |
| **Obair le Daoine Eile**<br>Dea-chaidrimh a chothú agus déileáil le coimhlint<br><br>Comhoibriú<br><br>Meas ar dhifríochtaí<br><br>Páirt a ghlacadh chun áit níos fearr a dhéanamh den domhan<br><br>Foghlaim le daoine eile<br><br>Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach | **Fanacht Folláin**<br>A bheith sláintiúil, fisiceach agus gníomhach<br><br>A bheith sóisialta<br><br>A bheith sábháilte<br><br>A bheith spioradálta<br><br>A bheith féinmhuiníneach<br><br>A bheith dearfach faoin bhfoghlaim<br><br>A bheith freagrach, slán agus eiticiúil ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach | **A Bheith Liteartha**<br>Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt<br><br>Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticiúil<br><br>Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla<br>Smaointe a chur in iúl go soiléir agus<br>le cruinneas<br><br>Mo theanga labhartha a fhorbairt<br><br>Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha | **A Bheith Uimheartha**<br>Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil<br><br>Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh<br><br>Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna<br><br>Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil<br><br>Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú<br><br>Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uimhearthachta a fhorbairt |

# Imeacht 7: Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt

*"Baineann staidéar ar Stair le fiosrú a dhéanamh ar eispéiris le himeacht ama agus conas a mhúnlaigh an t-eispéireas sin an domhan ina mairimid sa lá atá inniu ann..'*

*Sonraíocht lth.6*




280 Focal
#jchistory
@jcthistory

# Imeacht 8 & 9 : Snáithe Nádúr na Staire

| Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt | Obair le fianaise | 'An mórphictiúr' a fháil |
|---|---|---|
| | | |

**Cad iad na scileanna a thiocfadh linn a chothú inár gcuid scoláirí agus iad ag forbairt mar stairithe?**

**Foramharc ar fhoghlaim an scoláire**
**Snáithe 1: Nádúr na Staire (snáithe aontach)**

**Gné:** Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt

Nuair atáthar comhfhiosach faoin stair ciallaíonn sé sin go n-aimsíonn an scoláire bealach ar leith chun féachaint ar an domhan agus ar a áit ann ó pheirspictíocht stairiúil de. Is eol dó cén tionchar a bhíonn ag an athrú, idir athrú gearrthéarmach agus fadtéarmach, ar staid an duine agus i gcomhthéacsanna difriúla spáis agus saolta. Tá ionbhá stairiúil aige/aici freisin nó aird ar na rudaí a spreag agus a rinne daoine sa saol atá caite, i gcomhthéacs an ama sin. Is féidir leis/léi breithiúnais a dhéanamh faoi thábhacht eachtraí atá thart, agus tá léirthuiscint aige/aici faoin ngá atá le scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna conspóideacha nó conspóidte bunaithe ar níos mó ná peirspictíocht amháin. Tá aird ag an scoláire atá comhfhiosach faoin stair ar an gcaoi ar mhúnlaigh daoine agus eachtraí a tharla roimhe seo a thimpeallacht agus beidh an mhothálacht sin maidir leis an stair le brath sa léirthuiscint atá aige/aici ar éachtaí an duine. Déantar machnamh sa ghné seo den snáithe freisin ar choincheapa cosúil le claontacht agus oibiachtúlacht, agus cúis agus iarmhairt.

**Gné:** Obair le fianaise

Baineann an ghné seo le ról bunúsach na fianaise chun cur ar chumas an scoláire tuiscint a fháil ar an saol atá thart. Fiosraíonn an scoláire an cineál foinse agus fianaise agus déanann sé/sí breithiúnais faoi thairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla fianaise. Tuigeann an scoláire gur rud sealadach a bhíonn sna breithiúnais ar an stair agus go mb'fhéidir go gcaithfí breithiúnais den sórt sin a athbhreithniú mar gheall ar fhianaise nua. Déanann an scoláire fiosrúchán ar réimsí éagsúla stórtha fianaise stairiúla. Déanann an scoláire fiosrúchán ar an gcaoi ar féidir le seandálaíocht agus teicneolaíocht nua cur le hobair an staraí agus cinntí á ndéanamh aige faoin saol atá caite.

**Gné:** 'An mórphictiúr' a fháil

Baineann an smaoineamh maidir leis an 'mórphictiúr' le creat stairiúil inúsáidte a thugann deis don scoláire féachaint ar an saol atá caite i gcomhthéacs domhanda leathan. Cuidíonn creat 'mórphictiúir' leis an scoláire patrúin mhóra athraithe de réir a chéile a fheiceáil. De réir mar a bhíonn an scoláire ag foghlaim, is féidir leis a chuid nó a cuid eolais agus tuisceana nua a chur i bhfeidhm sa chreat seo, á shíneadh agus á dhoimhniú de réir mar a leanann sé nó sí ag cur ceisteanna faoin saol atá thart agus de réir mar a fhaigheann sé nó sí eolas agus tuiscint as an nua. Tugann an 'mórphictiúr' deis don scoláire freisin a thuiscint chróineolaíoch a neartú agus léirthuiscint a bheith aige nó aici don tslí a bhfuil 'réanna' nó 'aoiseanna' athraithe i gceist leis an stair. Is féidir athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar 'mhórphictiúr' tapa na staire seo thar thrí bliana foghlama an scoláire sa tsraith shóisearach.

# Imeacht 10: Snáithe Nádúr na Staire


Stop & Scríobh:

Cén toradh foghlama a mbeadh siad ag teacht leo...a bhfreagródh siad dóibh...a léireodh siad?

# Imeacht 11: Taithí a fháil ar na Gnéithe i Snáithe 2 – Stair na hÉireann

| Snáithe 2<br>Torthaí foghlama -Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | Topaic | Achar ama | Gnéithe | Ord Croineolaioch | Snáithe Tacaíochta 1 Toradh Foghlama |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.1 an chaoi a raibh tionchar ag patrún lonnaíochta agus plandála ar fhéiniúlacht oileán na hÉireann, ag tagairt do shampla amháin de phatrún lonnaíochta, forbairt cathracha, mar shampla agus plandáil amháin, a aithint | | | **Príomhathruithe aithint** | | *1.2* |
| 2.2 iniúchadh a dhéanamh ar ról agus ar thábhacht bheirt cheannairí a bhí páirteach i dtraidisiún parlaiminteach pholaitíocht na hÉireann | | | | | |
| 2.3 fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a raibh tionchar ag traidisiún an fhórsa fhisiciúil ar pholaitíocht na hÉireann, agus béim ar leith ar réabhlóid a tharla roimh an bhfichiú haois | | | | | |
| 2.4 fiosrú a dhéanamh ar theacht chun cinn agus ar thionchar an náisiúnachais agus an Aontachais in Éirinn, lena n-áirítear príomheachtraí idir 1911 agus 1923 | | | | | |
| 2.5 cúisí, cúrsa agus iarmhairtí na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann a aithint mar aon leis an tionchar a bhí acu ar chaidrimh Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach | | | | | |
| 2.6 tábhacht stairiúil na Críostaíochta ar oileán na hÉireann a phlé, lena n-áirítear an tionchar a bhí aici ar chultúr agus ar shochaí na Luathré Críostaí | | | **Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú** | | |
| 2.7 iniúchadh a dhéanamh ar chúisí, cúrsa agus iarmhairtí an Ghorta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus fiosrú a dhéanamh ar thábhacht an Diaspóra Éireannaigh | | | | | |
| 2.8 cur síos a dhéanamh ar thionchar an chogaidh ar shaol mhuintir na hÉireann, ag tagairt don Chéad Chogadh Domhanda nó don Dara Cogadh Domhanda | | | | | |
| 2.9 an t-athrú atá tagtha ar thaithí na mban i sochaí na hÉireann san fhichiú haois a mhíniú | | | | | |
| 2.10 míniú a thabhairt ar an gcaoi a raibh tionchar ag gluaiseacht spóirt, chultúrtha nó shóisialta amháin ar shaol na hÉireann | | | | | |
| 2.11 naisc a dhéanamh idir stair phearsanta, áitiúil nó mhuintire agus pearsana, saincheisteanna gus eachtraí náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta | | | **Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm** | | |
| 2.12 an tuairim gurbh deich mbliana thábhachtach ar oileán na hÉireann a bhí sna 1960idí a phlé, ag tagairt do phearsa, saincheisteanna agus eachtraí ábhartha | | | | | |
| 2.13 anailís a dhéanamh ar theacht chun cinn agus ar fhorbairt nasc na hÉireann leis an Eoraip | | | | | |

# Imeacht 11: Taithí a fháil ar na Gnéithe i Snáithe 3 – Snáithe 3: Stair na hEorpa agus An Domhan Mór


| Snáithe 3<br>Torthaí foghlama -Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | Topaic | Achar ama | Gnéithe | Ord Croin eolaio ch | Snáithe Tacaíochta 1 Toradh Foghlama |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.1 imscrúdú a dhéanamh ar shaol daoine i saoránacht ársa nó mheánaoiseach dá rogha féin agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar rannchuidigh gníomhartha agus/nó éachtaí na saoránachta sin le stair na hEorpa agus/nó stair an domhain mhóir | | 400 BC – 400 AD | **Príomhathruithe aithint**<br> | | |
| 3.2 tionchar gabhála agus coilínithe ar dhaoine a mheas ina ndéantar tagairt do thaiscéalaíocht na Portaingéile agus na Spáinne | | | | | |
| 3.3 an chúis, an cúrsa agus iarmhairtí réabhlóide amháin roimh an bhfichiú haois san Eoraip agus/nó sa domhan mór a scrúdú | | | | | |
| 3.4 plé a dhéanamh ar phríomhchúisí agus ar chúrsa an Chéad Chogaidh Dhomhanda nó an Dara Cogadh Domhanda agus an tionchar láithreach agus fadtéarmach a bhí ag cogadh ar dhaoine agus ar thíortha | | | | | |
| 3.5 tábhacht an Chogaidh Fhuair i gcaidreamh idirnáisiúnta san fhichiú haois a aithint | | | | | |
| 3.6 fiosrú a dhéanamh ar bheatha agus ar bhás sna meánaoiseanna | | | **Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú**<br> | | |
| 3.7 suntas a thabhairt do na hathruithe a tharla i réimse na n-ealaíon agus na heolaíochta, agus béim ar leith ar thábhacht na hAthbheochana | | | | | |
| 3.8 machnamh a dhéanamh ar thábhacht an reiligiúin, agus béim ar leith ar an Reifirméisean agus gníomhartha leasaitheora amháin | | | | | |
| 3.9 saol i dtír fhaisisteach amháin agus i dtír chumannach amháin san fhichiú haois a scrúdú | | | | | |
| 3.10 tábhacht an chinedhíothaithe a fhiosrú, lena n-áirítear cúiseanna, cúrsa agus iarmhairtí an Uileloiscthe | | | | | |
| 3.11 a mhéid is a chuidíonn forbairtí agus nuálaíochtaí teicneolaíochta le hathrú stairiúil a fhiosrú | | | **Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm**<br> | | |
| 3.12 machnamh a dhéanamh ar ról eagraíocht idirnáisiúnta, cosúil leis an Aontas Eorpach nó na Náisiúin Aontaithe, maidir le comhar idirnáisiúnta, ceartas agus cearta daonna a chur chun cinn | | | | | |
| 3.13 an tuairim gurbh deich mbliana thábhachtacha san Eoraip agus sa domhan mór a bhí sna 1960ídí a phlé, ag tagairt do phearsana, saincheisteanna agus eachtraí ábhartha | | | | | |
| 3.14 patrúin athraithe thar thréimhsí ama difriúla i dtéama ar leith a léiriú (cosúil le, m.sh. Coireacht agus Pionós, Bia agus Deoch, Súgradh, Spórt agus Caitheamh Aimsire, Faisean agus Dreach nó Sláinte agus Leigheas) | | | | | |

# Imeacht 12: Torthaí Foghlama a úsáid chun pleanáil a dhéanamh

| | | | |
|---|---|---|---|
| An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí JuniorCYCLE for teachers<br>**Stair**<br>**Snáithe 1: Nádúr na Staire**<br>**Snáithe 2: Stair na hÉireann**<br>**Snáithe 3: Stair na hEorpa agus An Domhan Mór** | | **Gluais de bhriathra gnímh** | **Sainaithin** - patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair 2.5 |
| **Anailísigh** - staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí 2.13 | **Cuir síos** - rud a insint nó a léiriú i scríobh nó i bhfocail labhartha; rud a thaispeáint nó a léiriú le pictiúr nó léaráid eile 2.8 | **Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna3.2 3.12 | **Léirigh** - líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin 3.14 |
| **Léirthuiscint a bheith ag... do...** - luach ruda a aithint agus machnamh a dhéanamh air 1.3 3.7 | **Forbair** rud a thabhairt go céim dheiridh nó ardchéim; tuilleadh sonraí a thabhairt nó a oibriú amach go mion 1.1 1.7 | **Scrúdaigh** - argóint, coincheap nó mír a mheas ar bhealach a nochtann a thoimhdí, a idirghaol nó a cheapadh 2.4 2.10 3.3 3.9 3.11 | **iniúch** - anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua 1.5 1.8 2.2 2.7 3.1 |
| **Meas (cuimhnigh ar...)** - Machnamh a dhéanamh ar thábhacht ruda 1.2 2.6 3.8 | **Taispeáin** - rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil1.4 1.9 1.10 | **Mínigh** - mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna 2.9 | **Naisc a dhéanamh** - naisc nó cosúlachtaí idir daoine, saincheisteanna, téamaí agus eachtraí a aithint 1.11 2.11 |
| **Déan díospóireach** - Argóint a dhéanamh le dearcadh nó tuairim, seasamh a threisiú le fianaise 1.6 2.12 3.13 | **Pléigh** - athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí3.4 | **Fiosraigh** - dlúthbhreathnú a dhéanamh go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh 2.3 3.6 3.10 | **Aithin** - fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint 2.1 3.5 |

`

# Imeacht 12: Torthaí Foghlama a úsáid chun pleanáil a dhéanamh



## Imeacht 12: Torthaí Foghlama a úsáid chun pleanáil a dhéanamh

Mar fhoireann, roghnaígí Toradh Foghlama ón snáithe a tugadh daoibh – 2/3 agus pleanálaigí aonad oibre agus sibh ag cuimhniú ar

Cad é is mian linn go bhfoghlaimeoidh ár scoláirí?


Cá bhfuil siad ina n-aistear foghlama?

Conas is féidir leis na torthaí foghlama ó shnáithe 1 tacú le scoláirí agus cur lena rannpháirtíocht i dtaca le toradh foghlama?

Conas is féidir linn an t-eolas a mheas?

Cad iad na hacmhainní a d'fhéadfaimis a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim?

**Smaointe athmhachnaimh :**



Foirm Aiseolais:

https://tinyurl.com/yarq6okm

## Déan teagmháil linn


| Oifig Riaracháin: | Oifig an Stiúrthóra: |
|---|---|
| An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM),<br>Ionad Oideachais Mhuineacháin,<br>Cnoc an Chonnaidh,<br>Br. Ard Mhacha,<br>Co. Mhuineacháin | An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM),<br>BOOLM,<br>Sráid an tSéipéil,<br>Dún Dealgan,<br>Co. Lú |

www.metc.ie

Má tá ceist agat gabh i dteagmháil linn ag: info@jct.ie

@JCforTeachers

@JCTHistory


www.jct.ie

www.juniorcycle.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

www.schoolself-evaluation.ie